

Fiosrúchán maidir leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (“an Roinn”) (IN-18-12-1)

Dáta an Chinnidh: 10 Bealtaine 2021

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (“an DPC”) tús leis an bhfiosrúchán seo as a stuaim féin tar éis dó gearán a fháil ó Digital Rights Ireland inar maíodh “bac tromchúiseach ar neamhspleáchas an Oifigigh Cosanta Sonraí (DPO) sa Roinn”. Ar an 4 Iúil 2018, fuair an Roinn ceist ó na meáin maidir leis an tagairt do shonraí bithmhéadracha a bhí sa Ráiteas Príobháideachais. Chuir an ceist seo tús le sraith snáitheanna ríomhphoist agus cainteanna inmheánaigh sa Roinn inar ceistíodh an tagairt do shonraí bithmhéadracha. Ar an 6 Iúil 2018, leasaigh an Roinn a Ráiteas Príobháideachais agus bhain sí an t-aon tagairt a bhí sa Ráiteas maidir leis an bpríseál a dhéanann sí ar shonraí bithmhéadracha. Mar chuid den ghearán, chuir Digital Rights Ireland snáitheanna ríomhphoist inmheánaigh na Roinne faoi bhráid an DPC, tar éis dóibh iad a fháil de bhun an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Is é a bhí i gceist le raon an fhiosrúcháin ná an raibh DPO na Roinne páirteach i mbealach ceart agus gan mhoill i leasú an Ráitis Príobháideachais, de réir Airteagal 38(1) den GDPR; agus an bhfuair an DPO orduithe maidir le feidhmiú a chuid tascanna in aghaidh riachtanais Airteagail 38(3) den GDPR. Níor measadh mar chuid de raon an fhiosrúcháin ar chomhlíon an leasú oibleagáidí trédhearcachta na Roinne faoin GDPR. Le linn an fhiosrúcháin, bhailigh an DPC an t-eolas ábhartha go léir chun machnamh cuimsitheach a dhéanamh ar an gcúlra, chomh maith leis na snáitheanna ríomhphoist a cuireadh isteach leis an ngearán. Rinne an DPC agallamh deonach leis an DPO a bhí sa phost ag an am sin. Chuimhnigh an DPC chomh maith ar ráitis a cuireadh faoi bhráid an DPC ag Ard-Rúnaí agus DPO na Roinne faoi seach. Rinne an DPC anailís freisin ar ríomhphoist inmheánaigh ábhartha na Roinne idir an 4 agus an 6 Iúil 2018 i dtaca leis an leasú a rinneadh ar an Ráiteas Príobháideachais. Nuair a cuireadh an t-eolas ábhartha go léir san áireamh, fuair an DPC:

- Gur chinntigh an Roinn gur ghlac a DPO páirt, go ceart agus gan mhoill, i leasú na Roinne dá Ráiteas Príobháideachais mar a cuireadh i bhfeidhm ar an 6 Iúil 2018. Mar sin de, níor sháraigh an Roinn Airteagal 38(1) den GDPR faoi mar a bhí cúrsaí.
- Nár thug an Roinn aon orduithe don DPO maidir le feidhmiú na dtascanna a luaitear in Airteagal 39 den GDPR i dtaca le leasú na Roinne dá Ráiteas

Cinntí ag feidhmiú cumhachtaí ceartúcháin déanta faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018

Príobháideachais mar a cuireadh i bhfeidhm ar an 6 Iúil 2018. Mar sin de, níor sháraigh an Roinn Airteagal 38(3) den GDPR faoi mar a bhí cúrsaí.